GX922

**OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH**

DÁMHA NA NDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

SCRÚDUITHE AN DARA SEIMEASTAR 1999

SCOIL NA GAEILGE

AN TRÍÚ BLIAIN
**AN LÉANN CEILTEACH**

# GAEILGE

## AN DARA PÁIPÉAR

Alan Titley
Mícheál Mac Craith
Máirtín Ó Briain

Trí huaire an chloig a cheadófar.
Trí cheist le freagairt: **ceist amháin** as gach roinn.
Úsáid **freagarleabhar** ar leith do gach roinn.

## ROINN A: NG 306 FILÍOCHT AN 18Ú HAOIS (CREIDMHEAS 0.5)

1 Is é an Seacaibíteachas an ghné is suntasaí d'fhilíocht an 18ú hAois. Do bharúil faoi sin.

2 Pléigh an tuairim gur bolscaireacht ar son an tSeacaibíteachais iad aislingí Aogáin Uí Rathaile.

3 Más áil linn an aisling a thuiscint i gceart, ní cóir ealaín na filíochta a scarúint ó thosca polaitíochta na cumadóireachta. Pléigh.

## ROINN B: NG 338 NUACHTÁIN AGUS IRISÍ NA GAEILGE (CREIDMHEAS 0.5)

1 Déan cur síos agus plé ar thábhacht na n-irisí Gaeilge / dátheangacha a foilsíodh i Meiriceá le linn aimsir na hAthbheochana.

.../

2 Déan plé ar thábhacht na n-irisí agus na nuachtán Gaeilge / dátheangacha i bhforbairt na nualitríochta Gaeilge le linn aimsir na hAthbheochana.

3 Cén tábhacht a bhaineann leis an dá nuachtán *Inniu* agus *Amárach* i scéal iriseoireacht na Gaeilge?

4 Tabhair cuntas ar an iriseoireacht Ghaeilge do mhná agus déan plé ar an tábhacht a bhaineann léi.

## ROINN C: NG 304 LITRÍOCHT AN 17Ú HAOIS (CREIDMHEAS 0.5)

1 Tabhair cuntas ar an úsáid a bhain Protastúnaigh agus Caitlicigh as an gclódóireacht lena dteagasc féin a chur i bhfeidhm ar phobal na Gaeilge sa 17ú hAois.

2 Déan trácht ar na stíleanna éagsúla próis a chleacht scríbhneoirí na Gaeilge sa 17ú hAois.

3 'Beannacht ar anmain Éireann' a chaoin Fear Flatha Ó Gnímh ag tús an 17ú hAois agus bhí cúis mhaith aige féin agus ag aos léinn agus dána na haoise sin lena leithéid de dhearcadh duairc a bheith acu faoi chúrsaí na hÉireann lena linn. Pléigh.

4 Déan cur síos ar ilghnéitheacht agus ar shaibhreas litríocht na Gaeilge sa 17ú hAois.